# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Dé hAOINE, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 to 4.30

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (5 x 80) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

[Thall

## ROINN A

## An Saol Gréagach

### Topaic 1: Fraoch Aichill.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is aidiacht ann?

(ii) Cén fáth ar thaispeáin Aitéine í féin d'Aicill in Leabhar 1 den **Íliad**?

(iii) Cén fáth a ndeachaigh Patroclus chuig Aicill agus é ag sileadh na ndeor in Leabhar 16 den **Íliad?**

(iv) Cén fáth nár mhol Héira mian Shéas chun Sarpedon a tharrtháil ón gcath?

(v) Cén fáth ar cheap Téitis gur lá míámharach ab ea é nuair a rugadh Aicill di?

(vi) Cérbh í Helenus?

(24)

(*b*) (i) Cén fáth a ndeachaigh An Rí Priam chuig campa na nGréagach in Leabhar 24 den **Íliad?** (8)

(ii) Cén chaoi a bhfuil Heirméas faoi bhréagriocht nuair a chuirtear amach é chun Priam a threorú chuig campa na nGréagach? (8)

(iii) Cérbh é an chéad duine a chonaic Priam nuair a d'fhill sé ón gcampa Gréagach? (8)

(iv) Cén tuairim atá agat ar charachtar Priam san **Íliad?**
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 11 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Labhair Eachtar. Thug na Traígh fogha faoin mballa agus thosaigh siad ag dreapadh an uchtbhairr agus sleánna géara ina lámha acu. Ach rug Eachtar greim ar charraig a bhí ina luí os comhair an gheata. Bhí bun leathan leis agus é ag teacht go pointe agus thástálfadh sé an neart a bhain leis an mbeirt sárfhear in aon bhaile de ghlúin na linne sin d'fhonn é a ardú ón talamh suas ar vaigín.

Ach láimhseáil Eachtar é leis féin gan stró ar bith. Bhí Séas, tar éis é a éadromú dó. Díreach mar a phiocann aoire suas lomaire reithe gan stró in aon lámh amháin, iompraíonn sé leis é agus ar éigean a mhothaíonn sé an meáchan, is mar sin a d'ardaigh Eachtar an charraig agus a thug sé é chuig na geataí arda, láidre, dúbailte.

Chuaigh Eachtar díreach suas chuig na geataí agus é á theannadh féin, theilg sé an charraig a bhuail na doirse díreach sa lár agus briseadh amach as a mhaighdeoga é ar gach taobh. Ba é fórsa an chaithimh a thiomáin an charraig tríd agus tháinig torann ollmhór as an ngeata nuair a briseadh na plainc go smidiríní mar gheall ar an tionchar a bhí ag an gcloch orthu agus theip ar na barraí. Léim Eachtar glórmhar isteach.

(i) Cén fáthscéal a mbaintear úsáid as in alt 2 den sliocht seo chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha Eachtair? (6)

(ii) An fáthscéal maith é, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iii) Ainmnigh bean chéile Eachtair. (6)

(iv) Mínigh cén fáth ar bhris an gol ar mhac linbh Eachtair i Leabhar 6 den **Íliad.** (6)

**(80 marc)**

## Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cá háit ar rugadh Héaradatas?

(ii) Nuair a d'éirigh na hIónaigh amach in 494 R.Ch. cad é a rinne na hAithnigh chun cúnamh a thabhairt dóibh?

(iii) Cén fáth ar bhain tábhacht le hOileán Déileas?

(iv) Cén bhaint atá ann idir an scríbhneoir Aeschylus agus na Cogaí Peirseacha?

(v) Cén fáth ar sheol na Peirsigh timpeall ar Sunium i ndiaidh Chath Mharatóin?

(vi) Cé hé a bhí i gceannas ar arm na Peirse ag Cath Phlatae in 479 R. Ch.?

(24)

(*b*) (i) Cé hé a bhí i gceannas ar arm na Peirse ag Cath Tearmápalae? (8)

(ii) Cad é a chuir iontas ar na Peirsigh maidir le hiompar na Spartach roimh an gcath? (8)

(iii) Cen chaoi ar chabhraigh Ephialtes leis na Peirsigh an bua a fháil ar na Spartaigh? (8)

(iv) Cén tuairim atá agat ar na Spartaigh sa chath sin? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Startha** le Héaradatas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí an Spartach Eurybiades ina cheannasaí ar chabhlach na nGréagach, toisc go ndúirt na comhghuaillithe eile go mb'fhearr leo an cabhlach a scoilteadh suas ná ligint d' Aithneach a bheith i gceannas orthu. I dtréimhse níos luaithe tugadh moladh gur chóir do na hAithnigh a bheith i gceannas ar an gcabhlach Gréagach ach tugadh frithbheartaíocht dó sin agus ghéill na hAithnigh. Smaoinigh siad gurb é teacht slán na Gréige an tosaíocht ba mhó agus cheap siad go dtiocfadh tubaiste as conspóid faoi cé ar chóir dul i gceannas. Dá bhrí sin níor bhrúigh na hAithnigh a n-éileamh chun cinn; ar a laghad ghéill siad do dhaoine eile a fhaid a raibh fíorghá acu díobh. Níos deireanaí, nuair a rinneadh na Peirsigh a thiomáint siar agus nuair a bhí an troid ar siúl le haghaidh críoch na bPeirseach, ansin a ghlac na hAithnigh an ceannas ó na Spartaigh.

(i) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, mínigh cén fáth ar tugadh an post mar cheannasaí an chabhlaigh Ghréagaigh do Spartach, Eurybiades. (6)

(ii) Cén fáth ar ghéill na hAithnigh don rogha seo mar cheannaire? (6)

(iii) Bunaithe ar a bhfuil léite agat den sliocht **seo** cén tuairim atá agat ar na hAithnigh? Tabhair cuiseanna le do fhreagra. (6)

(iv) Déan staidéar ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X.** Cén cineál loinge atá á léiriú ann? (6)

**(80 marc)**

## Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh duine **amháin** de chúiseoirí Shocraitéas sa chúirt.

(ii) Cad é a chiallaíonn 'An Modh Sócraitéach'?

(iii) Cén teoiric a bhí ag Anaxagoras maidir leis an ngealach?

(iv) Ainmnigh grúpa **amháin** as na grúpaí daoine a cheistigh Socraitéas d'fhonn an méid a dúirt Oracal Dheilfe faoi a thástáil.

(v) Cad é a d'iarr Sócraitéas ar an ngiúiré a dhéanamh maidir lena mhic i ndiaidh a bháis?

(vi) Ainmnigh an dráma ina bhfuil "Sócraitéas á iompar timpeall, agus é ag rá go bhfuil sé ag siúl ar an aer." (24)

(b) (i) Tabhair **dhá** argóint a mbainfeá feidhm astu chun Sócraitéas a chosaint ag a thriail. (16)

(ii) An dóigh leat go raibh an bás tuillte ag Sócraitéas? Minigh do fhreagra. (8)

(iii) Chreid Sócraitéas nach raibh sa bhás ach ceachtar de dhá rud. Ainmnigh ceann **amháin** de na rudaí sin. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as dialóg Phlatón **Euthyphro** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Sócraitéas:** Go deimhin is éard atá san íobairt ná bronntanas a thabhairt do na déithe ach is éard atá sa ghuí ná iarratas a dhéanamh orthu.
**Euthyphro:** Is ea, cinnte a Shocraitéas.
**Sócraitéas:** Dá bhrí sin is éard a bheadh sa naofacht ná an eolaíocht a bhaineann le hiarratais agus le tabhartais do na déithe.
**Euthyphro:** Fuair tú tuiscint mhaith ar a bhí i gceist agam, a Shocraitéas.
**Sócraitéas:** Fuair mé mar tá spéis agam i do chríonnacht a Euthyphro agus tá súil ghéar á coimeád agam air. Inis dom mar sin, céard atá sa tseirbhís seo do na déithe? Tá tú ag maíomh gur iarraidh orthu agus tabhairt dóibh atá I gceist?
**Euthyphro:** Táim.
**Sócraitéas:** Mar sin nach mbeadh sé ceart dúinn na rudaí a theastaíonn uainn a iarraidh orthu?
**Euthyphro:** Ar ndóigh.
**Sócraitéas:** Agus arís, is éard a bheadh sa chineál ceart tabhartais ná an rud a tharlaíonn a bhfuil gá acu leis a thabhairt dóibh mar aisíoc? Bheadh sé amaideach rudaí a thabhairt do dhuine mura mbeadh gá ag an duine sin leo.

(i) Dar le Sócraitéas cén difríocht atá ann idir íobairt agus guí? (8)

(ii) Cén sainmhíniú a thugann Sócraitéas ar an naofacht? (8)

(iii) Cad é a deir sé maidir le deonú do na déithe? (8)

**(80 marc)**

## Topaic 4: Micéiné agus An Traí.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Céard atá á léiriú i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(ii) Cad is megaron ann?

(iii) Cad a thug na Gréagaigh agus na Traígh ar an gcaolas uisce taobh ó thuaidh ón Traí?

(iv) Cad is tuama tólais ann?

(v) Cén cineál eolais a bheadh á léiriú ar tháibléad cosúil leis an gceann a léirítear i bhFotagraf **3** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cén chaoi ar chuir Carl Blegen lenár gcuid eolais faoin Traí?

(24)

(*b*) (i) Ainmnigh an rí a bhí I réimeas i Micéiné **nó** sa Traí. (8)

(ii) Cén chaoi a bhfuair na Gréagaigh isteach i gcathair na Traí faoi dheireadh? (8)

(iii) Tabhair breac-chuntas ar thocailtí Schliemann i Micéiné **nó** sa Trai. (8)

(iv) An dóigh leat go mba mhaith an seandálaí é Schliemann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) (i) Cén t-údar Gréagach ar phríomhfhoinse eolais dúinn é maidir le Cogadh na Traí? (6)

(ii) Cérbh í Eris? Cén bhaint a bhí aici le Cogadh na Traí? (6)

(iii) Déan staidéar ar Fhotagraf **4** ar Pháipéar **X** a dtaispeántar Laocoon ann.
Mínigh go hachomair cad atá ag tarlú dó. (6)

(iv) Dar leis an bhfinscéal, cad é a tharla do Héilin I ndiaidh Chogadh na Traí? (6)

**(80 marc)**

## Topaic 5: Acrapoil na hAithne.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé hé atá á léiriú i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X?**

(ii) Cad é a tharla don Aithin in 480 R.Ch?

(iii) Cé hé an dia a bhfuil baint aige leis an amharclann faoin Acrapoil?

(iv) Cad is dealbha marmair Elgin ann?

(v) Cén t-ord ailtireachta ina bhfuil Teampall Aitéiné Nícé tógtha?

(vi) Cérbh é Aristeides?

(24)

(*b*) (i) Cén bhaint atá ag Féidias leis na foirgnimh ar an bPartanón? (8)

(ii) Cá háit a bhfeicfeá peidiméid ar an bPartanón? Féadfaidh tú úsáid a bhaint as léaráid ar a bhfuil lipéadú mar chuid de do fhreagra. (8)

(iii) Cad is cairiaitid ann? Cá háit ar an Acrapoil a bhfeicfeá ceann díobh? (8)

(iv) Déan staidéar ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X** ina léirítear dealbhóireacht ón bhfrios ar an bPartanón. An dtaithníonn an dealbh seo leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Féach ar Fhótagraf **7** ar Pháipéar **X** ina léirítear mórshiúl na féile Panathenaic.

(i) Mínigh cén fáth ar cuireadh an fhéile sin ar siúl. Cén uair a mbíodh sé ar siúl? (8)

(ii) Cén bhaint atá ag peplos leis an bhféile sin? (4)

(iii) Ainmnigh an foirgneamh a bhfuil an mórshiúl ag dul tríd. (6)

(iv) Cén t-ord ailtireachta lena mbaineann an foirgneamh sin? (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

### Topaic 6: Aéinéas ar a Shiúlta.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar scríobh Veirgil an **Aeinéid**?

(ii) I dtús Leabhar 2 den **Aeinéid**, cé hé a thugann rabhadh d' Aeinéas an Traí a fhágáil?

(iii) I Leabhar 1 den **Aeinéid,** cén fáth ar chuir **Aeinéas** Achates ar ais chuig an long?

(iv) Cén t-oileán a raibh Aeinéas ag seoladh amach as nuair a séideadh ar ais chuig an Afraic é?

(v) Cérbh é Sychaeus?

(vi) Cén mhallacht a chuir Diodó ar Aeinéas sula bhfuair sí bás?

(24)

(*b*) (i) Cén chaoi ar aimsigh Aeinéas an Chraobh Órga? (8)

(ii) Cén chaoi ar thrasnaigh Aeinéas abhainn an Stiocs? (8)

(iii) Cé hé Ceirbearas? Cad é a rinne an tSibille air? (8)

(iv) I Leabhar 6 den **Aeinéid**, nuair a dhiúltaíonn Diodó labhairt le hAeinéas sa Domhan Thíos, an bhfuil aon chomhbhá agat leis? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 2 den **Aeinéid** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí Piorras mac Aichill ar thug fir Neoptolemus air freisin, ag imeacht le craobhacha ar an tairseach féin den cholúnáid os comhair an pháláis agus bhí an solas ag scalladh ar an gcré-umha dá chuid uirlisí troda. Bhí sé mar a bheadh nathair nimhe a bheathaigh í féin ar luibheanna nimhiúla agus a ndeachaigh i bhfolach ar feadh an gheimhridh sa chré fhuar ach a thagann isteach sa solas anois, a chaitheann di a craiceann agus a dhéanann athnuachan uirthi féin. Agus í ag lonrú le hóige, casann sí a droim sleamhain agus ardaíonn sí a brollach don ghrian agus a teanga thriarach ag preabadh as a béal. Bhí Periphas mór in éineacht leis chomh maith le Automedan an charbadóir agus iompróir armúir le hAichill é agus go leor laochra eile.

(i) Ainmnigh an fáthscéal sa sliocht seo. (6)

(ii) An dóigh leat gur fáthscéal maith é? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(iii) Bunaithe ar a bhfuil léite agat de Leabhar **2** den **Aeinéid** dean cur síos ar a tharla do Priam. (6)

(iv) Cad é a tharla nuair a rinne Aeinéas agus a chuid fear iarracht ar Cassandra a thabhairt slán? (6)

**(80 marc)**



**[Thall**

## Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Sa **Saighdiúir Maítheach** cén carachtar a thugann an Phrólóg?

(ii) Cé hé a duirt an méid seo a leanas: "Mar sin, sin é, an ea? Teastaíonn uait dul agus an méid a dúirt mé leat a insint do gach duine… Ansin brisfear as an bpost seo mar phótaire siléir mé..."

(iii) Cén baile mór a bhfuil an **Saighdiúir Maíteach** suite ann?

(iv) Cén carachtar sa **Saighdiúir Maíteach** a théann ar mhisean taidhleoireachta chuig Naupactus?

(v) Cé hé a deir na focail seo a leanas: "Bheinn ag súil leis seo; agus dá mhéad a thugann tú fúm is mó a fhoghlaimeoidh tú faoin a oiread cúnaimh is féidir liom a thabhairt d' fhear óg atá i ngrá"?

(vi) Sa **Saighdiúir Maíteach** cé hí Honoria?

(24)

(*b*) (i) Cén chaoi a bhfuair Pyrgopolynices smacht ar Philocomasium? (8)

(ii) Cad é a tharlaíonn do Philocomasium ag deireadh an dráma? (8)

(iii) An bhfuil comhbhá agat le Pyrgopolynices ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) Cad é a bhí ar siúl ag Sceledrus thuas ar an díon? (8)

(*c*) (i) Cé na hócáidí a léiríodh drámaí sa tSean-Róimh? (6)

(ii) Cad é atá neamhghnách maidir leis an bPrólóg in **An Saighdiúir Maíteach?** (6)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar chaith aisteoirí Rómhánacha maisc. (6)

(iv) Cad is *scaenae frons* ann? (6)

**(80 marc)**

## Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén gaol clainne a bhí ann idir Iúil Caesar agus Mairias mór?

(ii) Cén fáth a ndearna Caesar staidéar faoi Apallóinias as Ródas?

(iii) Cé hé a fuair amach go raibh Clóidias ar an láthair i dteach Chaesair ag féile an Bhandé Mhaith?

(iv) Cad a mhaigh Poimpéas a tharlódh dá ngreadfadh sé a chos ar an talamh?

(v) Cén chaoi ar éirigh le Cléópatra aird Chaesair a tharraingt uirthi féin ar dtús?

(vi) Cén chaoi ar fhreagair Caesar dó nuair a thug Theodotus cloigeann Phoimpéas dó san Éigipt?

(24)

(*b*) (i) Ainmnigh **dhá** threabh ar bith ar throid Caesar ina n-aghaidh sa Ghaill. (8)

(ii) Ainmnigh an ceannaire Gallach a bhí i gceannas ag éirí amach deireanach na nGallach in aghaidh Chaesair. (8)

(iii) Déan cur síos ar an gcaoi ina maraíodh Caesar. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Iúil Caesar** le Michael Grant agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ag an am céanna bhí Caesar díreach I ndiaidh a bheith ceaptha sa phost mar chaestóir. Ó aimsir Sulla anuas bhí fiche caestóir toghadh sa Róimh gach bliain. Ba choimeádaithe an Státchiste iad na caestóirí, agus thar lear thug siad cúnamh do ghobharnóirí cúige.
Ní bhfuair Caesar ceann de na ceapúcháin níos fearr sa Róimh ach leagadh gobharnóireacht na cian-Spáinne air. An príomhdhualgas a bhí air ná riarachán an cheartais.
Chomh maith leis sin d'fhoghlaim Caesar go leor maidir le sárdhuine ón deich mbliana roimhe sin, Seartóirias, a d'éirigh amach in aghaidh na gcoimeádach sa Róimh agus a choinnigh cás Mhairias beo sa Spáinn. Bhí samhlaíocht chumhachtach agus pearsantacht tharraingteach ag Seartóirias, agus bhí buanna neamhchoitianta sa cheannaireacht mhíleata aige a d'fhéadfadh freagra a mhúscailt gan dabht i gcroí Chaesair.

(i) Cé mhéid caestóir a toghadh sa Róimh gach bliain? (6)

(ii) Cad ba ea post na gcaestóirí? (6)

(iii) Cá háit ar cuireadh Caesar mar chaestóir agus cad ba ea a phríomhdhualgas? (6)

(iv) Dar leis an sliocht **seo,** cén chaoi a bhféadfadh Seartóirias tionchar a imirt ar Chaesar? (6)

**(80 marc)**

## Topaic 9: Cathair Rómhánach - Poimpé.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is palaestra ann?

(ii) Cén cineál ornáidíochta a léirítear i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cén chaoi a bhfuil baint ag Giuseppe Fiorelli leis an íomhá atá á léiriú i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cén chaoi a raibh baint ag Plinias Mór le Poimpé?

(v) Cad is Sarno ann?

(vi) Cén réigiún a bhfaighfeá Poimpé suite ann?

(24)

(*b*) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann ar bith de na gnéithe seo a leanas den saol sa tSean-Phoimpé.

(i) Na Folcadáin
(ii) Na hAmharclanna
(iii) An t-Amfaitéatar (2 × 16)

(*c*) (i) Cad é atá á léiriú i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cá háit a mbíodh sé suite? (6)

(ii) Cérbh í Íseas? Cén chaoi a raibh baint aici le Poimpé? (6)

(iii) Cé hé a bhunaigh an choilíneacht Rómhánach sa Phoimpé? (6)

(iv) Cé hí bandia pátrúin Phoimpé? (6)

**(80 marc)**

## Topaic 10: An tArm Rómhánach.

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh **dhá** rud a mbaintí airgead ina leith as pá saighdiúra.

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X.** Cén chóir chosanta a thóg na Rómhánaigh i Sasana atá á léiriú ann?

(iii) Ainmnigh an dia atá á léiriú i bhFótagraf **12** ar Pháipéar **X**.

(iv) Cé mhéid fear a mbíodh sa chéad?

(v) Cad ba ea an *Principia* I ndúnfort Rómhánach?

(vi) Cad ba ea *corona civica* ann?

(24)

*(b)* (i) Ainmnigh **dhá** rud a bheadh á lorg ag na Rómhánaigh agus suíomh á roghnú acu do dhúnfort. (8)

(ii) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh laistigh de dhúnfort. (8)

(iii) Cad é a tugadh ar an uirlis ar bhain na Rómhánaigh feidhm as chun línte díreacha agus dronuillinneacha a thomhas? (8)

(iv) Cén difríocht a bhí ann idir dhúnfort Rómhánach agus champa? (8)

*(c)* (i) Ainmnigh leagan amach an airm a léirítear i bhFótagraf **13** ar Pháipéar **X**. (6)

(ii) Cé na hábhair a úsáideadh chun sciatha léigiúnacha na Rómhánach a dhéanamh? (6)

(iii) Cén chaoi ar dearadh cuaráin na Léigiúnach i gcomhair máirseálacha fada? (6)

(iv) Cén fáth ar tugadh miúileanna Mhairias ar shaighdiúirí Rómhánacha? (6)

**(80 marc)**

LEATHANACH BÁN